# Tráth na gCeist Tobac

(le freagraí)




Tá na freagraí cearta **<u>folínithe.</u>**

| | |
|---|---|
| 1. | Cé mhéad ceimiceán i ndeatach tobac?<br>**A) 200** **B) <u>7,000</u>** **C) 40,000** |
| 2. | Cé mhéad ceann de na ceimiceáin sin atá aitheanta as a bheith ina gcúis ailse?<br>**A) <u>69</u>** **B) 35** **C) Ceann ar bith** |
| 3. | Ar meán, cé mhéad nóiméad a bhaineann gach toitín de shaol an chaiteora?<br>**A) 30 minutes** **B) <u>11 minutes</u>** **C) Not at all** |
| 4. | Cad a bhíonn mar chúis leis an líon is mó básanna in Éirinn gach bliain? *(Cuir in ord iad ó 1-3, agus 1 ar an gceann is airde)*<br>**A) Básanna a bhaineann le halcól** **B) Timpistí tráchta bóthair** **C) Tobac**<br>**Freagra:** *1 Tobac (6,000), 2 Alcól (2,790), 3 Timpistí tráchta bóthair (148)* |
| 5. | Rangaigh na substaintí seo san ord is tapúla a sroicheann siad an inchinn. *(1 an ceann is tapúla, 3 an ceann is moille)*<br>**A) Alcól** **B) Caiféin** **C) Nicitín**<br>**Freagra:** *1 Nicitín (1-8 soicind), 2 Alcól (2-30 soicind), 3 Caiféin (3-10 nóiméad)* |
| 6. | Cad é an bealach is fearr do chaiteoirí gan aon dochar a dhéanamh do dhaoine eile le deatach tánaisteach? *(Roghnaigh ceann amháin nó níos mó)*<br>**A) Caitheamh i seomra eile** **B) <u>Caitheamh taobh amuigh</u>** **C) <u>Éirí as an tobac</u>** |
| 7. | Tá deatach tánaisteach (fulangach) in ann méadú a chur ar an mbaol go bhfaighfeá: *(Roghnaigh ceann amháin nó níos mó)*<br>**A) <u>Asma agus broincíteas</u>** **B) <u>Ailse</u>** **C) <u>Galar croí</u>** **D) <u>Ionfhabhtuithe sa chluas láir</u>** |
| 8. | Cad a tharlaíonn do scamhóga daoine nuair a chaitheann siad?<br>**A) <u>Tagann dath dubh ar an bhfíochán sláintiúil bándearg</u>** **B) Feidhmíonn a scamhóga níos fearr nuair a imríonn siad spórt** **C) Éiríonn an análú níos éasca** |
| 9. | Cad a tharlaíonn do choirp daoine nuair a chaitheann siad? *(Roghnaigh ceann amháin nó níos mó)*<br>**A) Éiríonn a bhfiacla níos gile** **B) <u>Faigheann a gcraiceann rocach ag aois níos óige</u>**<br>**C) Bíonn a n-anáil agus a ndrandal níos sláintiúla** |
| 10. | Má chaitheann mná agus iad torrach méadaíonn siad an baol do: *(Roghnaigh ceann amháin nó níos mó)*<br>**A) <u>Marbh-bhreith</u>** **B) <u>Bás Cliabháin</u>** **C) <u>Éalaingí breithe</u>** |
| 11. | Fíor nó Bréagach; i gcás daoine óga in Éirinn a bhíonn ag caitheamh, nuair a chuirtear i gcomparáid iad le daoine nach bhfuil ag caitheamh, is mó an seans:<br>**a. Go gcodlóidh siad níos fearr** ☐ **Fíor** ☑ **Bréagach**<br>**b. Go n-aireoidh siad neirbhíseach nó in ísle brí** ☑ **Fíor** ☐ **Bréagach**<br>**c. Go mbeidh díleá maith acu** ☐ **Fíor** ☑ **Bréagach**<br>**d. Go n-aireoidh siad meadhránach nó go bhfaighidh siad tinnis chinn** ☑ **Fíor** ☐ **Bréagach** |
| 12. | Cé acu díobh seo a d'fhéadfadh a bheith ina siomptóim d'éirí as vápáil? *(Roghnaigh ceann amháin nó níos mó)*<br>**A) <u>Deacracht codlata</u>** **B) Tart mór** **C) <u>Deacracht le haird a dhíriú</u>** |